CILL CAIS

Cad a dhéanfaimid feasta gan adhmad?
Tá deireadh na gcoillte ar lár
Níl trácht ar Chill Chais ná a teaghlach
'Sní chluinfear a cling go brách
An áit úd 'na gcónaíodh an dea-bhean
Fuair gradam is meidhir thar mhná
Bhíodh iarlaí ag tarraingt thar toinn ann
Is an tAifreann binn á rá!

Ní chluinim fuaim lachan ná gé ann
Ná fiolar ag éamh cois cuain
Ná fiú na mbeacha chun saothair
A thabharfadh mil agus céir don slua
Níl ceol binn milis na n-éan ann
Le hamharc an lae ag dul uainn
Ná an chuaicín i mbarra na gcraobh ann
O 's í a chuirfeadh an saol chun suain

Aicim ar Mhuire is ar Iosa
Go dtaga sí arís chugainn slán
Go mbeidh rincí fada ag dul timpeall
Ceol fidilí is tinte cnámh
Go dtógtar an baile seo ár sinsear
Cill Chais breá arís go hard
Is go breach nó go dtiocfaidh an díle
Nach bhfeicfear é arís ar lár!